



An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2023
(OR. en)

9529/23
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0149(NLE)

PECHE 195

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Bealtaine 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 253 final - IARSCRÍBHINN
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta lascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 253 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2023) 253 final - IARSCRÍBHINN



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.5.2023
COM(2023) 253 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)

IARSCRÍBHINN

PRÓTACAL

maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas Phoblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)

AN tAONTAS EORPACH, ar a dtugtaí an Comhphobal Eorpach tráth, dá ngairtear an ‘tAontas’ anseo feasta,

agus

POBLACHT CHIREABAITÍ, dá ngairtear ‘Cireabaití’ anseo feasta,

dá ngairtear ‘na Páirtithe’ go comhpháirteach anseo feasta,

DE BHRÍ dlúthchomhar a bheith ann idir na Páirtithe, go háirithe i gcomhthéacs an chaidrimh idir Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (‘tíortha ACC’) agus an tAontas, agus gur mian leo araon an caidreamh sin a threisiú,

ÓS PÁIRTITHE IAD den Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas Phoblacht Chireabaití, den pháirt eile, dá ngairtear an ‘Comhaontú’ anseo feasta,

AG MEABHRÚ DÓIBH forálacha an Chomhaontaithe,

AG MEABHRÚ DÓIBH freisin an prionsabal nach mór do na Stáit uile bearta iomchuí a ghlacadh chun bainistiú inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní muirí a áirithiú agus nach mór dóibh oibriú i gcomhar le chéile chuige sin,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH freisin an cuspóir saothrú agus bainistiú inbhuanaithe comhpháirteach na stoc mór-imirceach a áirithiú,

DE BHRÍ GO BHFUIL sé tábhachtach comhar idirnáisiúnta sa taighde eolaíoch a chur chun cinn,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 2 den Chomhaontú.

Ina theannta sin,

- (a) ciallaíonn ‘limistéir iascaireachta’ na limistéir in uiscí Chireabaití mar a shainítear iad i gCaibidil 1, Roinn 2 den Iarscríbhinn;
- (b) ciallaíonn ‘gabhálacha’ speicis uisceacha mhuirí a ghabhtar le trealamh iascaireachta a úsáideann soitheach iascaireachta;
- (c) ciallaíonn ‘tabhairt i dtír’ aon chainníocht táirgí iascaigh a dhíluchtú ar tír ó shoitheach iascaireachta;
- (d) ciallaíonn ‘Toscaireacht’ toscaireacht an Aontais don Aigéan Ciúin in Suva, Fidsí;
- (e) ciallaíonn ‘díospóid thromchúiseach’ díospóid maidir le léiriú an Phrótacail nó maidir lena chur chun feidhme a chosc;

- (f) ciallaíonn ‘ceadúnas iascaireachta’ teidlíocht bhailí nó ceadúnas chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh speicis shonracha, agus trealamh sonrach á úsáid, laistigh de na limistéir shonraithe iascaireachta agus den tréimhse shonrach i gcomhréir leis na téarmaí dá bhforáiltear faoin Iarscríbhinn;
- (g) ciallaíonn ‘iascaireacht inbhuanaithe’ iascaireacht i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar síos leis an gCód Iompair maidir le hIascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil FAO in 1995;
- (h) ciallaíonn ‘soitheach de chuid an Aontais’ soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstát de chuid an Aontais ar foluain aici agus atá cláraithe san Aontas;
- (i) ciallaíonn ‘oibreoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a shealbhaíonn aon ghnóthas atá ag tabhairt faoi cheann ar bith de na gníomhaíochtaí a bhaineann le haon chéim de na slabhraí táirgthe, próiseála, margaíochta, dáilte nó miondíola a bhaineann le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;
- (j) ciallaíonn ‘an Prótacal’ an Prótacal seo maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, chomh maith leis an Iarscríbhinn agus na Foscríbhinní a ghabhann leis;
- (k) ciallaíonn ‘lá iascaireachta’ aon lá féilire, nó cuid de lá féilire, ar lena linn a bhíonn soitheach peas-saighne de chuid an Aontais i limistéir iascaireachta, ach nach n-áirítear leis lá féilire, ná cuid de lá féilire, arna shainiú mar ‘lá neamhiascaireachta’ i Rialachán Iascaigh Chireabaití (Scéim Laethanta Soithigh Peas-Saighne) 2014;
- (l) ciallaíonn ‘imthosca neamhghnácha’ imthosca seachas feiniméin nádúrtha nach bhfuil neart réasúnach ag ceann de na Páirtithe orthu agus ar imthosca iad de chineál a choisceadh gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí Chireabaití.

Airteagal 2

Cuspóir agus tréimhse cur i bhfeidhm

1. Is é is cuspóir don Phrótacal seo an Comhaontú a chur chun feidhme trí na coinníollacha lena rialaítear rochtain ag soithí de chuid an Aontais ar na limistéir iascaireachta a shonrú go háirithe agus na forálacha a leagan amach maidir leis an gcomhpháirtíocht iascaigh inbhuanaithe a chur chun feidhme.
2. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo agus ag an Iarscríbhinn a ghabhann leis ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta a shínithe i gcomhréir le hAirteagal 22, mura dtabharfar fógra foirceanta i gcomhréir le hAirteagal 19 den Phrótacal seo.

Airteagal 3

An gaol idir an Prótacal agus an Comhaontú

Déanfar forálacha an Phrótacail seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an Chomhaontaithe agus ar bhealach atá comhsheasmhach leis.

Airteagal 4

An gaol idir an Prótacal agus comhaontuithe agus ionstraimí dlíthiúla eile

Déanfar forálacha an Phrótacail seo a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na nithe seo a leanas agus ar bhealach atá comhoiriúnach leo:

- (a) moltaí agus rúin an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) agus an Choimisiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) agus aon eagraíocht fhoréigiúnach nó idirnáisiúnta eile lena mbaineann ina bhfuil siad ina gcomhaltaí;
- (b) Comhaontú 1995 maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-Imirceach a chur chun feidhme;
- (c) an Cód Iompair le haghaidh Iascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) in 1995;
- (d) Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta FAO chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú;
- (e) na buneilimintí dá dtagraítear in Airteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('Comhaontú Cotonou'), nó a áirítear san airteagal coibhéiseach den chomhaontú idir an tAontas agus tíortha ACC a thiocfaidh i gcomharbas air.

Airteagal 5

Deiseanna Iascaireachta

- 1. Deonóidh Cireabaití ceadúnais iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinníní de bhun Airteagal 6 den Chomhaontú laistigh de na teorainneacha arna mbunú le Plean Chireabaití um Bainistiú Tuinníní agus le bearta caomhnaithe agus bainistithe WCPFC, agus rúin IATTC á gcur san áireamh.
- 2. Is le haghaidh ceithre shoitheach peas-saighne a bheidh na deiseanna iascaireachta chun iascaireacht a dhéanamh ar speicis mhórimirceacha mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982, faoi na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo.
- 3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 faoi réir Airteagail 6 agus 8 den Phrótacal seo.

Airteagal 6

Ranníocaíocht airgeadais – Modhanna íocaíochta

- 1. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 2, is é a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais iomlán dá dtagraítear in Airteagal 7 den Chomhaontú EUR trí mhilliún agus ocht gcéad míle (3 800 000) ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail.
- 2. Beidh na heilimintí seo a leanas i ranníocaíocht airgeadais an Aontais:
 - (a) méid bliantúil le haghaidh rochtain ar na limistéir iascaireachta arb é atá ann EUR trí chéad seasca míle (360 000) in aghaidh na bliana agus
 - (b) méid bliantúil sonrach arb é atá ann EUR ceithre chéad míle (400 000) chun tacú le beartas iascaigh earnála agus beartas muirí Chireabaití agus chun iad a chur chun feidhme.
- 3. As an méid dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), cuirfidh Cireabaití 160 lá iascaireachta in aghaidh na bliana ar a laghad ar fáil do shoithí de chuid an Aontais sna limistéir

iascaireachta. Féadfar laethanta breise a chur ar fáil do shoithí de chuid an Aontais de réir na bhforálacha a shonraítear san Iarscríbhinn.

4. Ina theannta sin, íocfaidh oibreoirí iascaireachta táille rochtana bhliantúil le Cireabaití ar bhonn líon na laethanta iascaireachta a dheonaítear mar a shainítear i gCaibidil II, Roinn 6, den Iarscríbhinn.
5. Beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo faoi réir Airteagail 5, 7 agus 9 den Phrótacal seo agus faoi réir Airteagail 12 agus 13 den Chomhaontú.
6. Déanfaidh an tAontas an méid dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), a íoc tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dháta tosaigh chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail le haghaidh na chéad bhliana, agus le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin tráth nach déanaí ná cothrom dáta an chur i bhfeidhm shealadaigh.
7. Beidh lánrogha ag údaráis Chireabaití maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear an ranníocaíocht airgeadais mar a shonraítear i mír 2, pointe (a).
8. Déanfar ranníocaíocht airgeadais an Aontais faoi mhír 2, pointe (a), chomh maith le táille rochtana bhliantúil na n-oibreoirí faoi mhír 4, a íoc isteach i gcuntas Uimh. 1 Rialtas Chireabaití le ANZ Bank of Kiribati, Ltd, Bairiki, Tarawa.
9. Déanfar ranníocaíocht airgeadais an Aontais a léirítear i mír 2, pointe (b), a íoc isteach i gCuntas Uimh. 4 Rialtas Chireabaití le ANZ Bank of Kiribati, Ltd, Bairiki, Tarawa ('Tacaíocht Earnála Iascaigh').
10. Deimhneoidh údaráis Chireabaití na huimhreacha cuntais leis an Aontas gach bliain.

Airteagal 7

Tacaíocht Earnála

1. Déanfaidh údaráis Chireabaití an ranníocaíocht airgeadais mar a léirítear in Airteagal 6(2), pointe (b), a bhainistiú chun tacú le bainistiú agus forbairt iascaigh, lena n-áirítear faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaigh chun iascaireacht NNN a chomhrac, i gcomhréir le Fís 20 Bliain Chireabaití, beartas iascaigh náisiúnta agus beartais ghaolmhara eile a bhfuil tionchar acu ar iascach freagrach inbhuanaithe.
2. Tráth nach déanaí ná 120 lá tar éis dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, comhaontóidh an Comhchoiste an méid seo a leanas:
 - (a) cláir earnála bhliantúla agus ilbhliantúla chun an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (b), a úsáid;
 - (b) na cuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla araon atá le baint amach d'fhonn iascaireacht fhreagrach agus iascach inbhuanaithe a chur chun cinn le himeacht ama;
 - (c) rialacha agus nósanna imeachta mionsonraithe cur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, táscairí buiséadacha agus airgeadais, chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach gach bliain.
3. Íocfar méid sonrach na ranníocaíochta airgeadais le haghaidh tacaíocht earnála faoi Airteagal 6(2), pointe (b), gach bliain de réir an dul chun cinn atá déanta. I gcás na chéad bhliana den Phrótacal, íocfar an ranníocaíocht airgeadais ar bhonn na riachtanas a shainaithnítear mar chuid den chlársceidealú comhaontaithe. Le haghaidh na mblianta cur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, íocfar na ranníocaíochtaí

airgeadais ar bhonn na dtorthaí a baineadh amach i gcur chun feidhme an chláir earnála i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe cur chun feidhme agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 2, pointe (c). Déanfar an ranníocaíocht airgeadais a íoc tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis don Chomhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir leis na torthaí a baineadh amach.

4. Gach bliain, tuairisceoidh Cireabaití don Chomhchoiste maidir leis na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme agus na torthaí a baineadh amach le tacaíocht earnála. Déanfaidh Cireabaití tuarascáil chríochnaitheach a chur ar fáil roimh dhul in éag don Phrótacal atá ann faoi láthair.
5. Féadfaidh an tAontas íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 6(2), pointe (b), den Phrótacal seo a athbhreithniú nó a chur ar fionraí, go páirteach nó go hiomlán:
 - (a) mura bhfuil na torthaí a fhaightear comhsheasmhach leis an gclársceidealú, tar éis meastóireacht arna déanamh ag an gComhchoiste;
 - (b) i gcás nach gcuirtear an ranníocaíocht airgeadais sin chun feidhme faoi mar a chinneadh an Comhchoiste.
6. Tá an Comhchoiste freagrach as gníomh leantach a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an chláir ilbhliantúil um thacaíocht earnála. Más gá, leanfaidh an dá Pháirtí den ghníomh leantach sin tríd an gComhchoiste, tar éis don Phrótacal seo dul in éag go dtí go mbainfear leas iomlán as an gcontrapháirtí airgeadais sonracha a bhaineann leis an tacaíocht earnála dá bhforáiltear in Airteagal 6(2), pointe (b). Mar sin féin, ní féidir íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 6(2), pointe (b), a íoc tar éis tréimhse 8 mí ar dhul in éag don Phrótacal seo.
7. Tugann na Páirtithe gealltanas go n-áiritheofar infheictheacht na ngníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme le tacaíocht earnála.

Airteagal 8

Deiseanna iascaireachta a choigeartú

Féadfar na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 5 a choigeartú trí chomhaontú frithpháirteach laistigh den Chomhchoiste a mhéid a chomhthacaíonn na moltaí ó WCPFC nó IATTC agus ó eagraíochtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha leis go n-áiritheofar le coigeartú den sórt sin bainistiú inbhuanaithe acmhainní Chireabaití. Sa chás sin, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a), den Phrótacal seo a choigeartú, trí chomhaontú frithpháirteach, go comhréireach agus *pro rata temporis*.

Airteagal 9

Coinníollacha lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta

1. Ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht a dhéanamh i limistéir iascaireachta ach amháin má tá ceadúnas iascaireachta acu arna eisiúint ag údaráis Chireabaití faoin bPrótacal seo.
2. Comhoibreoidh páirtithe chun faireachán comhpháirteach a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann soithí de chuid an Aontais as deiseanna iascaireachta trí rialuithe iomchuí, lena n-áirítear cigireachtaí ar muir agus ar thabhairt i dtír, cianfhaireachán, agus uirlisí iomchuí eile agus córas tuairiscithe leictreonach eile.

3. Ina theannta sin, ag cruinniú bliantúil an Chomhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 9 den Chomhaontú, malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis an iarracht iascaireachta dhomhanda a rinneadh in uiscí Chireabaití an bhliain roimhe sin, i bhfianaise na rialacha a comhaontaíodh faoi eagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus foréigiúnacha. Más iomchuí, déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun coigeartú a dhéanamh ar na deiseanna iascaireachta a dheonaítear leis an bPrótacal don bhliain dár gcionn.

Airteagal 10

Comhar eolaíoch chun iascaireacht inbhuanaithe a áirithiú

1. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh agus éiceachóras muirí agus iascaireacht fhreagrach in uiscí Chireabaití.
2. Tugann na Páirtithe gealltanais an comhar eolaíoch a chur chun cinn ar an leibhéal foréigiúnach maidir le hiascaireacht fhreagrach agus, go háirithe, laistigh de WCPFC agus IATTC agus aon eagraíocht fhoréigiúnach nó idirnáisiúnta eile lena mbaineann ina bhfuil siad ina gcomhaltaí.
3. I gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú agus le hAirteagal 8 den Phrótacal seo agus i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, féadfaidh na Páirtithe laistigh den Chomhchoiste, i gcás inarb iomchuí, bearta a ghlacadh i ndáil le gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais atá ceadúnaithe ag an bPrótacal seo le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh chun bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh in uiscí Chireabaití a áirithiú.

Airteagal 11

Íocaíocht na Ranníocaíochta Airgeadais a chur ar fionraí agus a athbhreithniú

1. Féadfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, (2), pointe (a), den Phrótacal seo a athbhreithniú nó a chur ar fionraí i gcás ina gcuirfidh imthosca neamhghnácha cosc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sna limistéir iascaireachta, tar éis don dá Pháirtí dul i gcomhairle le chéile agus comhaontú a dhéanamh laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis iarraidh a fháil ó Pháirtí amháin, agus ar choinníoll go mbeidh íoctha ina iomláine ag an Aontas aon mhéid a bheidh dlite tráth an fhionraí.
2. I gcás fhionraí na híocaíochta, ceanglófar ar an Aontas fógra a thabhairt i scríbhinn faoina rún 2 mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh éifeacht ag an bhfionraí.
3. Cuirfear tús arís leis an ranníocaíocht airgeadais a íoc a luaithe a réiteofar an cás tar éis gníomhaíochtaí chun na cúinsí thuasluaite a mhaolú agus tar éis don dá Pháirtí dul i gcomhairle le chéile agus comhaontú a dhéanamh lena ndeimhnítear gur dócha go gceadóidh an cás filleadh ar ghnáthghníomhaíochtaí iascaireachta.

Airteagal 12

Ceadúnais iascaireachta a chur ar fionraí agus a athbhunú

1. Forchoimeádann Chireabaití an ceart chun ceadúnas iascaireachta a chur ar fionraí agus a chúlghairm i leith soitheach sonrach dá bhforáiltear faoi Airteagal 5, sna cásanna seo a leanas:
 - (a) go bhfaightear amach go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh ag an soitheach ar dhlíthe agus ar rialacháin Chireabaití; nó

- (b) nach ndearna an longúinéir ordú cúirte a urramú a eisíodh i dtaca le sárú a rinne an soitheach.
2. Beidh an ceadúnas iascaireachta a cuireadh ar fionraí ar fionraí fós ach amháin i gcás ina n-urramaítear ordú cúirte faoi mhír 1, pointe (b), agus ar choinníoll go gcomhaontaíonn údaráis Chireabaití an ceadúnas iascaireachta a athbhunú ar feadh na tréimhse atá fágtha ag an gceadúnas iascaireachta sin.

Airteagal 13

Cur i bhfeidhm an Phrótacail a chur ar fionraí

1. D'fhéadfadh cur i bhfeidhm an Phrótacail seo, lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointí (a) agus (b), a chur ar fionraí ar thionscnamh ceachtar de na Páirtithe sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás ina mainníonn an tAontas na híocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) den Phrótacal seo a dhéanamh ar chúiseanna nach gcumhdaítear in Airteagal 7(5) agus Airteagal 11(1).
 - (b) i gcás ina dtagann díospóid thromchúiseach chun cinn idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú an Phrótacail seo nó a choisceann a chur chun feidhme;
 - (c) i gcás nach ndéanann aon soitheach de chuid an Aontais iarratas ar cheadúnais iascaireachta a athnuachan;
 - (d) i gcás nach n-urramaíonn ceachtar de na Páirtithe forálacha an Phrótacail seo;
 - (e) i gcás ina suíonn ceachtar de na Páirtithe go ndearnadh sárú ar ghnéithe fíoriachtanacha bunúsacha de chearta an duine mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou, nó a áirítear san airteagal coibhéiseach den chomhaontú idir an tAontas agus tíortha ACC a thiocfaidh i gcomharbas air.
2. Tabharfaidh an Páirtí leasmhar fógra i scríbhinn don Pháirtí eile faoi chur i bhfeidhm an Phrótacail a bheith curtha ar fionraí agus tiocfaidh sé i bhfeidhm 3 mhí tar éis an fógra sin a fháil. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile ón tráth a gheofar an fógra maidir le fionraí d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar a ndíospóid laistigh de 3 mhí. I gcás ina dtagtar ar réiteach den sórt sin nó a luaithe a athbhunófar an staid a bhí ann roimh na teagmhais a luaitear i mír 1, pointe (a), atosófar cur i bhfeidhm an Phrótacail agus déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6 a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis* de réir fhad na fionraí.

Airteagal 14

Dlíthe agus rialacháin náisiúnta

1. Beidh gníomhaíochtaí iascaireachta soithí de chuid an Aontais agus iad ag oibriú sna limistéir iascaireachta faoin bPrótacal seo faoi rialú na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme i gCireabaití, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú, sa Phrótacal seo agus san Iarscríbhinn agus sna Foscíbhinní a ghabhann leis an bPrótacal seo.
2. Tugann an tAontas gealltanais go ndéanfaidh sé na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh soithí de chuid an Aontais dlíthe agus rialacháin náisiúnta Chireabaití, agus go gcuirfear na bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta faoin bPrótacal seo i bhfeidhm go héifeachtach.

3. Comhoibreoidh oibreoirí soithí de chuid an Aontais le húdaráis Chireabaití atá freagrach as faireachán, rialú agus faireachas.
4. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi aon athrú ar a mbeartas iascaigh nó ar a reachtaíocht iascaigh féin a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar ghníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais faoin bPrótacal seo.
5. Aon athrú substaintiúil nó aon reachtaíocht nua a d'imreodh tionchar suntasach ar ghníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais, beidh feidhm aige maidir leo tráth nach luaithe ná an 60ú lá tar éis an lae a bhfaighidh an tAontas fógra faoin athrú ó Chireabaití.

Airteagal 15

Neamh-idirdhealú agus trédhearcacht

1. Faoi Airteagal 3(1) den Chomhaontú, bainfidh soithí de chuid an Aontais tairbhe as coinníollacha iascaireachta teicniúla nach lú fabhar ná na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le cabhlaigh eachtracha eile a bhfuil na saintréithe céanna iontu agus a dhéanann iascaireacht ar na speicis chéanna.
2. Tugann na Páirtithe gealltanais faisnéis a mhalartú sa Chomhchoiste maidir le haon chomhaontú lena gceadaítear do shoithí eachtracha dul isteach sna limistéir iascaireachta go háirithe maidir leis na coinníollacha teicniúla is infheidhme maidir le soithí eachtracha a oibríonn in uiscí Chireabaití.
3. Tugann an tAontas gealltanais sonraí comhiomlánaithe a chur ar fáil do Chireabaití, ar bhonn ráithiúil, maidir le cainníochtaí agus áiteanna na ngabhálacha a thugtar i dtír sna limistéir iascaireachta.

Airteagal 16

Cosaint sonraí

1. Tugann na Páirtithe gealltanais a áirithiú go bpróiseálfar na sonraí pearsanta uile atá íogair ó thaobh na tráchtála de a bhaineann le soithí de chuid an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta a fhaightear laistigh de chomhthéacs an Phrótacail i gcomhréir le prionsabail na rúndachta agus na cosanta sonraí. Áiríteoidh na Páirtithe nach ndéanfar ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta sna limistéir iascaireachta a chur ar fáil don phobal, i ndáil leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme agus le prótacail ghaolmhara maidir le comhroinnt agus cosaint sonraí ERBI.
2. Déanfaidh na húdaráis inniúla na sonraí a phróiseáil chun an Comhaontú a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, agus go háirithe chun bainistiú, faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascaigh. Is iad an Coimisiún Eorpach nó an Stát brataí, thar ceann an Aontais, agus an tÚdarás Inniúil ábhartha, thar ceann Chireabaití, na húdaráis a bheidh freagrach as próiseáil sonraí.
3. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil le hábhar na sonraí.
4. Maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe maidir le hiarratais ar cheadúnais iascaireachta a phróiseáil, faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac, féadfar na sonraí seo a leanas a mhalartú agus a phróiseáil a thuilleadh:

- (a) sonraí sainaitheantais agus teagmhála an tsoithigh;
 - (b) gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, a suíomh agus a gluaiseachtaí, a gníomhaíocht iascaireachta nó a gníomhaíocht a bhaineann le hiascaireacht, arna mbailiú trí bhíthin faireacháin, cigireachtaí nó breathnóirí, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme agus le prótacail ghaolmhara maidir le comhroinnt agus cosaint shonraí ERBI;
 - (c) sonraí a bhaineann le húinéirí soithigh nó a n-ionadaí, amhail ainm, náisiúntacht, sonraí teagmhála gairmiúla, agus cuntas bainc gairmiúil,
 - (d) sonraí a bhaineann leis an ngníomhaire áitiúil, amhail ainm, náisiúntacht agus sonraí teagmhála gairmiúla;
 - (e) sonraí a bhaineann le máistrí an tsoithigh agus le baill den chriú, amhail ainmneacha, náisiúntacht, feidhm agus, i gcás an mháistir, a shonraí/a sonraí teagmhála,
 - (f) sonraí a bhaineann leis na mairnéalaigh a thugtar ar bord, amhail ainm, sonraí teagmhála, oiliúint, deimhniú sláinte.
5. Beidh na sonraí pearsanta a iarrfar agus a aistreofar faoin bPrótacal seo cruinn, leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an Comhaontú a chur chun feidhme.
 6. Ní dhéanfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta a mhalartú faoin gComhaontú seo ach amháin chun na gcríoch sonracha a leagtar amach sa Chomhaontú.
 7. Ní dhéanfar tuilleadh próiseála ar na sonraí a fhaightear ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach leis na cuspóirí sin.
 8. Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a malartaíodh iad, suas go dtí uastréimhse 10 mbliana, mura rud é go bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach chun gníomh leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht nó imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar na sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain. I cás ina gcoimeádtar sonraí pearsanta ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.
 9. Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, agus rioscaí sonracha na próiseála á gcur san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaráithe nó neamhdhleathach agus ar chailteanas, díothú nó damáiste timpisteach.
 10. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear ábhair na sonraí ar an eolas faoin gcaoi a bpróiseálfar a sonraí pearsanta agus faoina gcearta agus a leigheasanna dlí trí bhíthin fógra ginearálta, e.g. foilsiú an Phrótacail seo, nó fógra aonair, e.g. ráitis phríobháideachais atá le soláthar le linn phróiseas an iarratais ar cheadúnas iascaireachta.
 11. Tá cearta éifeachtacha infhorfheidhmithe ar fáil d'ábhair sonraí maidir lena gcearta faoi na ceanglais dlí is infheidhme i ndlínse gach údaráis. Cuireann na húdaráis cosaintí ar fáil chun sonraí pearsanta a chosaint trí mheascán de dhlíthe, de rialachán agus dá mbeartais agus nósanna imeachta inmheánacha. Go háirithe, déanfar aon ghearán in aghaidh údaráis na bPáirtithe maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo a sheoladh chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcás údaráis an Aontais, nó chuig aon Údarás Inniúil ábhartha i gcás Chireabaití.

12. Ní aistreoidh údaráis an Pháirtí sonraí a roinntear faoin bPrótacal seo chuig tríú páirtí i dtír eile seachas na Ballstáit bhrataí.
13. Féadfaidh an Comhchoiste cosaintí agus leigheasanna dlí iomchuí breise a bhunú.

Airteagal 17

Eisiachas

1. De bhun Airteagal 6 den Chomhaontú, ní rachaidh soithí de chuid an Aontais i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sna limistéir iascaireachta ach amháin má tá ceadúnas iascaireachta acu arna eisiúint faoin bPrótacal seo.
2. Eiseoidh údaráis Chireabaití ceadúnais iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais faoin bPrótacal seo amháin. Toirmiscfear aon cheadúnas iascaireachta a eisiúint do shoithí de chuid an Aontais lasmuigh de chreat an Phrótacail seo, go háirithe i bhfoirm ceadúnais dhíreacha.

Airteagal 18

Clásal athbhreithnithe

Féadfaidh na Páirtithe laistigh den Chomhchoiste athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Phrótacail, na hIarscríbhíne agus na bhFoscscríbhinní agus, i gcás inar gá, féadfaidh siad leasuithe a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- (a) coigeartú na ndeiseanna iascaireachta agus, dá réir sin, coigeartú na ranníocaíochta airgeadais comhfhreagraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(a) i gcomhréir le hAirteagal 8;
- (b) na socruithe maidir le tacaíocht earnála agus, dá réir sin, maidir leis an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(b);
- (c) na socruithe agus na coinníollacha teicniúla faoina ndéanann soithí de chuid an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta.

Airteagal 19

Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar den dá pháirtí an Prótacal seo a fhoirceannadh i gcás imthosca neamhghnácha amhail díghrádú na stoc lena mbaineann, teacht ar leibhéal laghdaithe maidir le saothrú na ndeiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí de chuid an Aontais, nó mainneachtain gealltanais a chomhlíonadh arna ndéanamh ag na Páirtithe maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte ('NNN') a chomhrac.
2. I gcás ina bhfoirceannfar an Prótacal seo, tabharfaidh an páirtí lena mbaineann fógra i scríbhinn don pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn aige é a fhoirceannadh 6 mhí ar a laghad roimh an dáta a thiocfadh an foirceannadh sin i bhfeidhm. Ar sheoladh an fhógra dá dtagraítear san abairt roimhe seo, cuirfidh na Páirtithe tús le comhairliúcháin oscailte.
3. Déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6 den Phrótacal seo don bhliain ina dtagann an foirceannadh i bhfeidhm a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis*.

Airteagal 20

Malartuithe leictreonacha sonraí

1. Molann Cireabaití agus an tAontas malartú leictreonach na faisnéise agus na ndoiciméad uile a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo.
2. Measfar ag aon tráth an fhoirm leictreonach de dhoiciméad a bheith coibhéiseach leis an leagan páipéir.
3. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra láithreach don Pháirtí eile faoi aon bhriseadh i gcóras ríomhaireachta lena gcuirtear bac ar mhalartuithe den sórt sin. Sna himthosca sin, cuirfear a leagan páipéir go huathoibríoch in ionad na faisnéise agus na ndoiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo ar an gcaoi a shainítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 21

Oibleagáidí ar dhul in éag nó ar fhoirceannadh an Phrótacail seo

1. Tar éis dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail seo, i gcomhréir le hAirteagail 19 nó 12 den Chomhaontú, leanfaidh úinéirí shoithí an Aontais de bheith faoi dhliteanas i leith aon sárú ar fhorálacha an Chomhaontaithe nó an Phrótacail seo nó ar aon dlí de chuid Chireabaití a tharla roimh dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail seo, nó i leith aon táille cheadúnais nó aon dleacht amuigh nach n-íoctar tráth an dul in éag nó an fhoirceanta.
2. Más gá, leanfaidh na Páirtithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear faoi Airteagal 6(2), pointe (b), i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le rialacha cur chun feidhme maidir le tacaíocht earnála.

Airteagal 22

Cur i bhfeidhm sealadach

Cuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón dáta a síneoidh na Páirtithe é.

Airteagal 23

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Prótacal seo agus na hIarscríbhinní agus Foscríbhinní a ghabhann leis i bhfeidhm ar an dáta a thugann na Páirtithe fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích na nósanna imeachta is gá chun na críche sin.

IARSCRÍBHINN
COINNÍOLLACHA MAIDIR LE SAOTHRÚ GNÍOMHAÍOCHTAÍ
IASCAIREACHTA AG SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS FAOIN bPRÓTACAL
MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE
COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT
AMHÁIN, AGUS POBLACHT CHIREABAITÍ, DEN PHÁIRT EILE

CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Roinn 1

Ainmniú na nÚdarás Inniúil

1. Chun críche na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt don Aontas nó do Chireabaití mar údarás inniúil an méid seo leanas:
 - (a) thar ceann an Aontais Eorpach ('an tAontas'): an Coimisiún Eorpach;
 - (b) thar ceann Chireabaití: an Aireacht Iascaigh agus Forbartha Acmhainní Muirí.
2. Sula gcuirfear tús le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, malartóidh na Páirtithe le chéile na sonraí teagmhála ábhartha uile maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo agus cuirfidh siad in iúl dá chéile iad de réir mar is iomchuí.

Roinn 2

Limistéir iascaireachta

1. Na soithí de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas iascaireachta ina seilbh acu arna eisiúint ag Chireabaití faoin bPrótacal, údarófar dóibh dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéir iascaireachta Chireabaití, is é sin uiscí Chireabaití i gcomhréir le reachtaíocht Chireabaití cé is moite den fharraige theorann, limistéir faoi chosaint agus limistéir faoi thoirmeasc.
2. Cuirfidh Chireabaití in iúl don Aontas comhordanáidí uiscí Chireabaití agus na limistéir faoi chosaint nó na limistéir faoi thoirmeasc sula gcuirfear tús le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.
3. Cuirfidh Chireabaití in iúl don Aontas aon mhodhnú ar na limistéir sin i gcomhréir le forálacha Airteagal 14(4) den Phrótacal.

Roinn 3

Limistéir bainistíochta iascaireachta

1. Faoina chur chuige maidir le Bainistiú Limistéarbhunaithe agus i gcomhréir le Rialachán 2014 maidir le hIascaigh (Scéim Laethanta Soithí Peas-Saighne), rinne Chireabaití a limistéir iascaireachta a chatagóiriú ina dtrí limistéir bainistíochta iascaireachta, is iad sin Limistéir Gilbert, Limistéir Phoenix agus Limistéir Line.
2. Cuirfidh Chireabaití comhordanáidí na limistéir bainistíochta iascaireachta in iúl don Aontas sula gcuirfear tús le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.
3. Cuirfidh Chireabaití in iúl don Aontas aon mhodhnú ar na limistéir bainistíochta iascaireachta i gcomhréir le forálacha Airteagal 14(4) den Phrótacal.

4. Sa bhreis ar an réamhíocaíocht a bheidh le híoc ag úinéirí loinge a shainítear i gCaibidil II, Roinn 6, íocfar na préimhrátaí seo a leanas in aghaidh an lae iascaireachta i gcomhréir leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i gCaibidil II, Roinn 7:
- (a) I gcás ina dtarlaíonn lá iascaireachta i Limistéar Line, ní bheidh aon phréimh i gceist.
 - (b) I gcás ina dtarlaíonn lá iascaireachta i Limistéar Phoenix, beidh préimh USD 1 000 i gceist.
 - (c) I gcás ina dtarlaíonn lá iascaireachta i Limistéar Gilbert, beidh préimh USD 1 000 i gceist.

Roinn 4

Gníomhaire an tsoithigh

Féadfaidh gníomhaire (cuideachta nó duine) a bhfuil cónaí air i gCireabaití ionadaíocht a dhéanamh ar gach soitheach de chuid an Aontais atá ag cur isteach ar cheadúnas iascaireachta, arna chur sin in iúl go hiomchuí d'údarás inniúil Chireabaití.

Roinn 5

Soithí incháilithe de chuid an Aontais

Ionas go mbeidh soitheach de chuid an Aontais incháilithe chun ceadúnas iascaireachta a fháil, ní mór nach mbeidh toirmeasc ar an úinéir, ar an máistir ná ar an soitheach féin iascaireacht a dhéanamh in uiscí Chireabaití. Ní mór dóibh a bheith i gcomhréir le dlíthe Chireabaití agus ní mór dóibh na hoibleagáidí roimh ré uile a d'eascair as a ngníomhaíochtaí iascaireachta i gCireabaití a chomhlíonadh faoi chomhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích leis an Aontas. Thairis sin, comhlíonfaidh siad reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le ceadúnais iascaireachta, beidh siad ar Thairfead WCPFC na soithí iascaireachta, beidh siad ar chlár na bPáirtithe i gComhaontú Nárú, beidh siad ar chlár dea-stádais FFA agus ní bheidh siad ar liosta soithí NNN de chuid RFMO.

CAIBIDIL II – BAINISTIÚ CEADÚNAS IASCAIREACHTA

Roinn 1

Clárú

1. Beidh iascaireacht a dhéanann soithí de chuid an Aontais laistigh de na limistéir iascaireachta faoi réir uimhir chlárúcháin arna eisiúint ag údaráis inniúla Chireabaití.
2. Déanfaidh údaráis inniúla Chireabaití iarratais ar chlárú ar an bhfoirm atá le fáil chun na críche sin, i gcomhréir le Foscúbhinn 1.
3. Beidh an clárú ag brath ar USD 3 000 a íoc in aghaidh an tsoithigh in aghaidh na bliana mar tháille chlárúcháin atá le híoc isteach i gcuntas Uimh. 3 Rialtais Chireabaití, agus déanfar aon asbhaint a imreiteach.

Roinn 2

Tréimhse bhailíochta an cheadúnais iascaireachta

1. Tá ceadúnas iascaireachta bailí ar feadh ‘tréimhse iascaireachta bhliantúil’.
2. Comhfhreagróidh an tréimhse iascaireachta bhliantúil sin do na nithe seo a leanas:
 - (a) don bhliain ina dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, don tréimhse idir dáta a theacht i bhfeidhm go sealadach agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna;
 - (b) ansin, do gach bliain féilire iomlán;
 - (c) don bhliain ar lena linn a rachaidh an Prótacal in éag, don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an dáta a rachaidh an Prótacal in éag.
3. Beidh na ceadúnais in-athnuaite, faoi réir bhailíocht an Phrótacail.
4. Maidir leis an gcéad tréimhse iascaireachta bhliantúil agus maidir leis an tréimhse iascaireachta bhliantúil deiridh, ba cheart an íocaíocht atá dlite ag úinéirí loinge faoi Roinn 6, mír 2, a ríomh ar bhonn *pro rata temporis*.

Roinn 3

Iarratas ar cheadúnas iascaireachta

1. Ní fhéadfaidh ach soithí incháilithe de chuid an Aontais, mar a shainítear i gcaibidil I, roinn 5, den Iarscríbhinn seo, ceadúnas iascaireachta a fháil.
2. Déanfaidh údarás inniúil an Aontais iarratas ar cheadúnas iascaireachta a chur go leictreonach chuig údarás inniúil Chireabaití, agus cóip de a chur chuig an Toscaireacht, i gcomhréir le Foscscríbhinn 1 maidir le gach soitheach ar mian léi iascaireacht a dhéanamh faoin bPrótacal 20 lá oibre ar a laghad roimh thús thréimhse bhliantúil bhailíochta an cheadúnais iascaireachta mar a shonraítear i Roinn 2 den Chaibidil seo.
3. I gcás nár cuireadh iarratas ar cheadúnas iascaireachta isteach roimh thús na tréimhse bliantúla bailíochta, féadfaidh an t-úinéir loinge é sin a dhéanamh fós tráth nach déanaí ná 20 lá oibre roimh thús na ngníomhaíochtaí iascaireachta a iarradh. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh an ceadúnas iascaireachta bailí ach amháin go dtí deireadh na tréimhse bliantúla inar iarradh é. Íocfaidh na húinéirí loinge na táillí rochtana atá dlite as tréimhse iomlán bhailíochta an cheadúnais iascaireachta.
4. Maidir le gach iarratas tosaigh ar cheadúnas iascaireachta, nó tar éis mórathrú teicniúil a bheith déanta ar an soitheach lena mbaineann, cuirfidh an tAontas an t-iarratas isteach trí ríomhphost chuig údarás inniúil Chireabaití agus úsáid á baint as an bhfoirm i bhFoscscríbhinn 1 agus beidh na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis:
 - (a) cruthúnas gur íocadh na táillí rochtana le haghaidh thréimhse bhailíochta an cheadúnais iascaireachta;
 - (b) grianghraif dhaite dhigiteacha den soitheach, agus dátstampa leo, arna dtógáil le déanaí (laistigh de 12 mhí nó níos lú), de thaifeach 72dpi, 1400 × 1050 pic., ina dtaispeántar radharc cliathánach den soitheach lena n-áirítear ainm an tsoithigh in aibítir bhunúsach Laidine ISO;
 - (c) cóip de dheimhniú trealaimh sábháilteachta an tsoithigh;
 - (d) cóip de dheimhniú clárúcháin an tsoithigh;

- (e) cóip den deimhniú rialaithe sláintíochta loinge;
 - (f) cóip de dheimhniú clárúcháin faoi chlár dea-stádais FFA;
 - (g) plean stuála;
 - (h) cóip den deimhniú árachais i mBéarla atá bailí ar feadh ré an cheadúnais iascaireachta;
 - (i) táille breathnóra USD 3 000 in aghaidh an tsoithigh in aghaidh na bliana.
5. Maidir le hathnuachan an cheadúnais iascaireachta i gcás soitheach nár modhnaíodh a shonraíochtaí teicniúla, ní bheidh ag gabháil leis an iarratas ar athnuachan ach cruthúnas gur íocadh na táillí rochtana, deimhniú reatha clárúcháin faoi chlár dea-stádais FFA agus cóipeanna d'aon deimhniú athnuaite mar a liostaítear i bpointí c, d, e agus h.
 6. Íocfar an táille isteach i gcuntas bainc Uimh. 3 Rialtas Chireabaití. Is ar na húinéirí loinge a bheidh na costais bhunúsacha a bhaineann le haistrithe bainc.
 7. Deimhneoidh údarás Chireabaití sonraí an chuntais bainc leis an Aontas gach bliain.
 8. Cuimseofar sna híocaíochtaí na muirir náisiúnta agus áitiúla uile seachas cánacha calafoirt agus muirir sheirbhíse.
 9. Má tharlaíonn sé go bhfuil iarratas neamhiomlán nó mura gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi phointí 4, 5, 6 agus 7 thuas, laistigh de 7 lá oibre tar éis d'údarás Chireabaití an t-iarratas leictreonach a fháil cuirfidh siad in iúl d'údarás inniúil an Aontais, agus cóip de á chur chuig an Toscaireacht, na cúiseanna a meastar go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó nach gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi phointí 4, 5, 6 agus 7.

Roinn 4

Ceadúnas iascaireachta a eisiúint

1. Eiseoidh Chireabaití an ceadúnas iascaireachta laistigh de 15 lá oibre tar éis an t-iarratas comhlánaithe a fháil trí ríomhphost agus ar dheimhniú a fháil go bhfuair Chireabaití an íocaíocht.
2. Déanfaidh údarás inniúil Chireabaití an ceadúnas iascaireachta a tharchur gan mhoill trí mheán leictreonach chuig an úinéir loinge nó gníomhaire an tsoithigh agus chuig údarás inniúil an Aontais agus cóip de á chur chuig an Toscaireacht. An tráth céanna, cuirfear ceadúnas iascaireachta i bhfoirm páipéir chuig an úinéir loinge.
3. Ar eisiúint an cheadúnais iascaireachta dóibh, déanfaidh údarás inniúil Chireabaití an soitheach a áireamh ar an liosta de shoithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sna limistéir iascaireachta. Cuirfear an liosta sin ar fáil do gach eintiteas ábhartha faireacháin, rialaithe agus faireachais de chuid Chireabaití agus d'údarás inniúil an Aontais agus cuirfear cóip de chuig an Toscaireacht.
4. Cuirfear foirm pháipéir an cheadúnais iascaireachta in ionad na foirme leictreonaí de a luaithe is féidir.
5. Eiseofar ceadúnas iascaireachta do shoitheach ar leith agus ní bheidh sé inaistrithe ach amháin i gcásanna imthosca neamhghnácha, mar a leagtar amach i Roinn 5 thíos.
6. Ní mór an ceadúnas iascaireachta (i bhfoirm leictreonach, nó i bhfoirm pháipéir nuair a bheidh sé ar fáil) a choinneáil ar bord an tsoithigh i gcónaí.

Roinn 5

Imthosca neamhghnácha

1. I gcás ina gcruthaítear imthosca neamhghnácha agus arna iarraidh sin don Aontas, féadfar ceadúnas iascaireachta soithigh a fhoirceannadh ar feadh na tréimhse a bheidh fágtha dá bhailíocht. Cuirfidh an t-úinéir loinge, nó gníomhaire an tsoithigh, a ceadúnas iascaireachta ar ais chuig údarás inniúil Chireabaití agus cuirfidh sé údarás an Aontais agus an Toscaireacht ar an eolas.
2. Eiseofar ceadúnas iascaireachta nua do shoitheach ina bhfuil saintréithe comhchosúla de réir na bhforálacha a bhunaítear i Roinn 4 agus faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le cur i bhfeidhm mar a leagtar amach i Roinn 3 iad, gan aon cheanglas ar réamhíocaíocht nua.
3. Tiocfaidh an ceadúnas iascaireachta nua i bhfeidhm an lá a bhfaighidh údarás inniúil Chireabaití ceadúnas iascaireachta an tsoithigh a ndéanann imthosca neamhghnácha difear di. Measfar an ceadúnas a cuireadh ar ais a bheith curtha ar ceal. Cuirfidh údarás inniúil Chireabaití údarás an Aontais agus an Toscaireacht ar an eolas faoi eisiúint an cheadúnais iascaireachta nua.

Roinn 6

Coinníollacha an cheadúnais iascaireachta – táillí agus réamhíocaíochtaí

1. Deonóidh Chireabaití rochtain do shoithí de chuid an Aontais ar thrí limistéar iascaireachta na meánna i gcomhréir le Roinn 3.
2. Eiseofar ceadúnas iascaireachta a luaithe a íocfar táille réamhíocaíochta USD seacht gcéad is fiche míle (720 000) in aghaidh an tsoithigh de chuid an Aontais isteach i gcuntas Uimh. 3 Rialtas Chireabaití, rud a thabharfaidh an ceart don soitheach iascaireachta iascaireacht a dhéanamh ar feadh 40 lá laistigh de na limistéir iascaireachta. I gcás na chéad tréimhse iascaireachta bliantúla agus na tréimhse iascaireachta deiridh faoin bPrótacal seo, mar a shainítear i Roinn 2, mír 2 a) agus c), íocfar an táille réamhíocaíochta sin *pro rata temporis*.
3. Áirítear leis na réamhfhigiúirí i mír 2 fachtóirí coigeartaithe fad VDS a bhfuil feidhm acu maidir leis na soithí uile a dhéanann iascaireacht laistigh de na limistéir iascaireachta, i gcomhréir le Rialachán 2014 maidir le hIascaigh (Scéim Laethanta Soithí Peas-Saighne).
4. Is féidir le hoibreoirí soithí de chuid an Aontais na laethanta iascaireachta a ceannaíodh a roinnt eatarthu, más mian leo é. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh oibreoirí údaráis Chireabaití agus údaráis an Aontais ar an eolas láithreach faoi líon na laethanta iascaireachta atá le roinnt idir na soithí lena mbaineann.
5. Má tá siad ar fáil, féadfaidh oibreoirí laethanta iascaireachta a cheannach sa bhreis ar na laethanta iascaireachta a ceannaíodh faoi mhír 2, arna iarraidh sin d'údarás inniúil an Aontais ar údaráis Chireabaití. Cuirfidh údaráis Chireabaití údarás inniúil an Aontais ar an eolas maidir le líon comhaontaithe agus praghas na laethanta iascaireachta breise sin.

Roinn 7

Ráitis deiridh táillí

1. An 1 Samhain gach bliain dréachtóidh údarás inniúil Chireabaití ráiteas deiridh maidir leis na táillí atá dlite i leith ghníomhaíochtaí iascaireachta Shoitheach an Aontais ón 1 Eanáir go dtí an 31 Deireadh Fómhair den bhliain féilire, ar bhonn na limistéar bainistíochta iascaireachta ina raibh soithí de chuid an Aontais ag oibriú, a shainítear i gCaibidil 1, Roinn 3.
2. An 1 Márta gach bliain dréachtóidh údarás inniúil Chireabaití ráiteas deiridh maidir leis na táillí atá dlite i leith ghníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais ón 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig den bhliain féilire roimhe seo, ar bhonn na limistéar bainistíochta iascaireachta ina raibh soithí de chuid an Aontais ag oibriú, a shainítear i gCaibidil 1, Roinn 3.
3. Déanfaidh údarás inniúil an Aontais an ráiteas deiridh táillí a tharchur go comhuaineach chuig úinéirí loinge agus chuig údaráis náisiúnta na Stát brataí lena mbaineann araon.
4. Féadfaidh na húinéirí loinge an ráiteas deiridh maidir le táillí a cheistiú laistigh de 15 lá féilire tar éis d'údaráis a mBallstáit é a fháil. Mura ndéantar aon agóid, measfar gur ghlac na húinéirí loinge leis an ráiteas deiridh maidir le táillí.
5. Tar éis don dá Pháirtí teacht ar chomhaontú maidir leis an ráiteas deiridh maidir le táillí, eiseoidh Údarás Inniúil Chireabaití sonrasc maidir leis na táillí atá le híoc. Íocfaidh soithí de chuid an Aontais Rialtas Chireabaití laistigh de 30 lá féilire (Cuntas Uimh. 3 Rialtas Chireabaití).
6. Féachfaidh an dá Pháirtí le haon easaontú a réiteach laistigh de 30 lá féilire tar éis an ráiteas deiridh maidir le táillí a fháil.
7. Más ann fós don easaontas idir na húinéirí loinge agus údarás inniúil Chireabaití, féadfaidh údarás inniúil Chireabaití nó údarás inniúil an Aontais cruinniú speisialta den Chomhchoiste a iarraidh, mar a fhoráiltear in Airteagal 9(2) den Chomhaontú. Déanfaidh an Comhchoiste, trí chomhaontú frithpháirteach, cinneadh críochnaitheach i dtaca leis an ráiteas deiridh maidir le táillí. Aon íocaíocht bhreise a bheidh dlite, déanfaidh na húinéirí loinge í a íoc le húdaráis inniúla Chireabaití tráth nach déanaí ná 1 mhí tar éis dháta Chruinniú an Chomhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 6(8) den Phrótacal, agus déanfar aon asbhaint a imréiteach.

CAIBIDIL III – BEARTA TEICNIÚLA

Roinn 1

Bearta a bhaineann le Feiste Comhthiomsaithe Éisc

Iascaireacht le feiste comhthiomsaithe éisc agus coinneáil gabhálacha tuinníní, déanfar iad i gcomhréir le Bearta Caomhnaithe agus Bainistithe ábhartha WCPFC agus le Socruithe Cur Chun Feidhme ábhartha Chomhaontú Nárú.

Roinn 2

Speicis atá faoi thoirmeasc

Tá toirmeasc ar aon cheann de na speicis seo a leanas a iascach nó a choinneáil ar bord, a dhíol, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír tráth ar bith nó áit ar bith le linn thréimhse bhailíochta an Phrótacail seo:

- (a) Ealásmabrainciaigh (siorcanna agus roic) d'aon speiceas
- (b) Mamaigh farraige d'aon speiceas
- (c) Reiptílí d'aon speiceas
- (d) Éin d'aon speiceas

Roinn 3

Speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu

1. Áiritheoidh oibreoirí soithí de chuid an Aontais go ndéanfar iascaireacht ar bhealach lena n-íoslaghdófar an tionchar ar speicis nach spriocspeicis iad agus ar speicis foghabhála.
2. Áiritheoidh oibreoirí soithí de chuid an Aontais go scaoilfear speicis atá faoi chosaint, lena n-áirítear deilfeanna, turtair, siorcanna agus éin mhara, ar bhealach a thabharfaidh an seans is mó dóibh go mairfidh siad ar bhonn threoirlínte infheidhme WCPFC.

CAIBIDIL IV – FAIREACHÁN

Roinn 1

Taifeadadh agus tuairisciú gabhálacha

1. Na soithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sna limistéir iascaireachta faoin gComhaontú, cuirfidh siad a ngabhálacha in iúl d'údarás inniúil Chireabaití ar an mbealach seo a leanas, go dtí go gcuirfidh an dá Pháirtí chun feidhme córas tuairiscithe leictreonach ar ghabhálacha, a dtugtar ERS air.
2. Déanfaidh oibreoirí, agus iad in uiscí Chireabaití, taifead i mBéarla ar an ngabháil, lena n-áirítear foghabháil, agus ar an ngníomhaíocht iascaireachta a nuashonrú ar bhonn laethúil trí úsáid a bhaint as bileog loga leictreonach iFIMS na bPáirtithe i gComhaontú Nárú tar éis gach gabhála agus seolfaidh siad an fhaisnéis sin go leictreonach trí FIMS na bPáirtithe i gComhaontú Nárú chuig an Aireacht Iascaigh agus Forbartha Acmhainní Muirí, tar éis tacar iascaireachta a chur i gcrích.
3. Na soithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sna limistéir iascaireachta, déanfaidh siad bileog loga réigiúnach Peas-Saighne SPC/FFA, atá le fáil ar shuíomh gréasáin Chomhphobal an Aigéin Chiúin (SPC), a líonadh isteach do gach lá a bhíonn siad i láthair sna limistéir iascaireachta. Fiú mura ndearnadh aon ghabháil nó nuair nach mbíonn an long ach ar idirthuras, líonfar an fhoirm isteach fós. Líonfar an fhoirm isteach go soléite agus síneoidh máistir an tsoithigh nó a ionadaí í.
4. Fad atá siad sna limistéir iascaireachta, déanfaidh soithí de chuid an Aontais achoimre ar an logleabhar iascaireachta faoi phointe 2 a thuairisciú d'údarás inniúil

Chireabaití gach Céadaoin agus úsáid á baint as Foscríbhinn 2, Teimpléad Uimh. 1, trí ríomhphost a sheoladh chuig na teagmhálaithe a chuirtear ar fáil inti.

5. A mhéid a bhaineann le cur isteach na mbileog loga iascaireachta dá dtagraítear i bpointe 2, déanfaidh soithí de chuid an Aontais an méid seo a leanas:
 - (a) sa chás go dtéann siad isteach i gcalafort iontrála de chuid Chireabaití, cuirfidh siad an fhoirm chomhlánaithe faoi bhráid údarás sonrach Chireabaití laistigh de 5 lá tar éis teacht isteach, nó in aon chás sula bhfágfaidh siad an calafort, cibé acu is tuisce a tharlóidh. Seachadfaidh údarás Chireabaití admháil i scríbhinn;
 - (b) nuair atá na limistéir iascaireachta á bhfágáil gan dul trí chalafort iontrála de chuid Chireabaití ar dtús, seolfar cóipeanna de bhileoga logleabhair laistigh de thréimhse 15 lá oibre tar éis na limistéir iascaireachta a fhágáil trí ríomhphost a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist údarás inniúil Chireabaití.
6. Ba cheart an leagan bunaidh de gach logleabhar iascaireachta a sheoladh laistigh de thréimhse 7 lá oibre tar éis an chéad teacht isteach i gcalafort tar éis na limistéir iascaireachta a fhágáil.
7. Ní mór cóipeanna de na bileoga logleabhair iascaireachta sin a sheoladh go comhuaineach chuig na hinstiúidí eolaíocha amhail IRD (*Institut de Recherche pour le Développement*), IEO (*Instituto Español de Oceanografía*) agus IPIMAR (*Instituto de Investigação das Pescas e do Mar*).
8. Cuirfear na focail ‘limistéir iascaireachta Chireabaití’ isteach sna bileoga logleabhair thuasluaite i ndáil le tréimhsí a bhfuil an soitheach sna limistéir iascaireachta lena linn.
9. Féachfaidh an dá Pháirtí le ERS a chur chun feidhme a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta soithí de chuid an Aontais sna limistéir iascaireachta, faoi réir comhaontú comhchoiteann maidir le treoirlínte chun ERS a bhainistiú agus a chur chun feidhme.
10. A luaithe a chuirfear córas leictreonach an dearbhaithe gabhála chun feidhme tiocfaidh sé go hiomlán in ionad na bhforálacha maidir le taifeadadh a leagtar amach i bpointí 2 go 4 thuas, ach amháin i gcás fadhbanna teicniúla nó mífheidhme, ina ndéanfar dearbhuithe maidir le gabhálacha de bhun phointí 2 go 4 thuas.
11. Malartóidh páirtithe sonraí maidir le leibhéal na ngabhálacha a rinne soithí de chuid an Aontais i ndáil leis an mbliain féilire roimhe sin ar bhonn dearbhuithe gabhála agus foinsí ábhartha eile amhail tuarascálacha breathnóirí.

Roinn 2

Bainistíocht agus faireachán ar an iarracht

1. Déanfaidh an dá pháirtí dlúthfhaireschán rialta ar an úsáid a bhaineann soithí de chuid an Aontais as laethanta iascaireachta sna limistéir iascaireachta. Féachfaidh siad lena áirithiú nach sárófar líon na laethanta iascaireachta a leithdháiltear ar shoithí de chuid an Aontais sna limistéir iascaireachta.
2. Ceanglaítear ar na húinéirí loinge laethanta neamh-iascaireachta a chur isteach trí iFIMS a úsáid. Ní dhéanfar an t-iarratas ar laethanta neamh-iascaireachta a phróiseáil ach amháin i gcás ina bhfuil sonraí ábhartha na r-bhileoige loga taiscthe ag na hoibreoirí soithigh in iFIMS. Déanfaidh Chireabaití iarratais ar laethanta neamh-

iascaireachta a phróiseáil go tráthúil i gcomhréir le nósanna imeachta Scéim Laethanta Soithí Peas-Saighne na bPáirtithe i gComhaontú Nárú.

3. I gcás nach n-aontóidh na húinéirí loinge leis an gcinneadh arna ghlacadh ag údarás inniúil Chireabaití maidir lena n-éilimh ar laethanta neamh-iascaireachta, cuirfidh siad é sin in iúl d'údarás inniúil an Aontais. Rachaidh an tAontas i dteagmháil láithreach le húdarás inniúil Chireabaití. Déanfar iarrachtaí réasúnta na neamhréireachtaí a réiteach go pras.
4. A luaithe a bheidh 80 % de na laethanta iascaireachta a leithdháileadh orthu úsáidte ag soithí de chuid an Aontais, cuirfidh Chireabaití Údarás Inníúil an Aontais, na Stáit bhrataí agus na húinéirí loinge ar an eolas ar bhonn seachtainiúil maidir le húsáid na laethanta iascaireachta eile de chuid an Aontais chun dlúthfhaireachán a áirithiú.

Roinn 3

Teachtaireacht ar dhul isteach in uiscí Chireabaití agus ar fhágáil uiscí Chireabaití

1. Gan dochar do na hoibleagáidí i Roinn 1 den Chaibidil seo, maidir le soithí de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú, cuirfidh siad in iúl d'údarás inniúil Chireabaití 24 uair an chloig ar a laghad roimh ré go bhfuil rún acu dul isteach in uiscí Chireabaití nó iad a fhágáil. Déanfar na teachtaireachtaí sin san fhormáid a leagtar amach i bhFoscúibhinn 2, Teimpléid Uimh. 2 agus Uimh. 3, trí ríomhphost a sheoladh chuig na teagmhálacha a chuirtear ar fáil inti.
2. Measfar gur soithí nach bhfuil ceadúnas iascaireachta acu iad soithí de chuid an Aontais a fuarthas a bheith i mbun iascaireachta gan réamhfhógra faoi dhul isteach faoi phointe 1 den Roinn seo. Beidh feidhm ag na smachtbhannaí dá dtagraítear i gCaibidil VI sna cásanna sin.

Roinn 4

Tabhairt i dtír

1. Is iad Calafóirt Tarawa agus Kiritimati na calafóirt ainmnithe le haghaidh gníomhaíochtaí tabhairt i dtír i gCireabaití.
2. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas iascaireachta de chuid Chireabaití ina seilbh acu ar mian leo gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafóirt ainmnithe Chireabaití, cuirfidh siad an rún sin in iúl d'údarás Chireabaití trí thuarascáil dá bhforáiltear i bhFoscúibhinn 2, Teimpléad Uimh. 4, a sheoladh trí ríomhphost chuig na teagmhálaithe a chuirtear ar fáil inti ar a laghad 72 uair an chloig roimh ré.
3. Ní mór do shoithí de chuid an Aontais a ndearbhú gabhála a chur faoi bhráid údarás inniúil Chireabaití agus an Bhallstáit brataí, tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an tabhairt i dtír a chur i gcrích, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach an calafort, cibé acu is túisce a tharlóidh, trí ríomhphost tríd an tuarascáil dá bhforáiltear i bhFoscúibhinn 2, Teimpléad Uimh. 5.
4. Ní mór do shoithí de chuid an Aontais Tuarascáil Chríochnaithe a chur isteach laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh turas a chur i gcrích tríd an ngabháil a scaoileadh ag calafóirt iascaireachta eile lasmuigh de Chireabaití trí ríomhphost trí thuarascáil dá bhforáiltear i bhFoscúibhinn 2, Teimpléad Uimh. 6.

Roinn 5

Trasloingsiú

1. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas iascaireachta de chuid Chireabaití ina seilbh acu agus ar mian leo gabhálacha a thrasloingsiú sna limistéir iascaireachta, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de chalafoirt ainmnithe Chireabaití, agus laistigh díobh sin amháin, mar a luaitear i gCaibidil IV, roinn 3, mír 1. Toirmiscear trasloingsiú ar muir lasmuigh de chalafoirt agus is faoi dhliteanas na bpionós dá bhforáiltear le dlíthe Chireabaití a bheidh aon duine a sháróidh an fhoráil sin.
2. Tabharfaidh soithí de chuid an Aontais fógra d'údaráis Chireabaití maidir leis an rún sin trí thuarascáil dá bhforáiltear i bhFoscúbhinn 2, Teimpléad Uimh. 4, a sheoladh trí ríomhphost chuig na teagmhálaithe a chuirtear ar fáil inti 72 uair an chloig ar a laghad roimh ré.
3. Cuirfidh soithí de chuid an Aontais a dtuarascáil ar ghníomhaíochtaí trasloingsithe faoi bhráid údaráis inniúla Chireabaití tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an trasloingsithe, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach bronnata an calafort, cibé acu is túisce a tharlóidh, trí ríomhphost trí thuarascáil dá bhforáiltear i bhFoscúbhinn 2, Teimpléad Uimh. 5.

Roinn 6

Imeacht ón gcalafort

Tabharfaidh soithí de chuid an Aontais fógra d'údaráis inniúla Chireabaití go bhfuil sé ar intinn acu imeacht ó Chalafort trí thuarascáil dá bhforáiltear i bhFoscúbhinn 2, Teimpléad Uimh. 7, a sheoladh trí ríomhphost chuig na teagmhálaithe a chuirtear ar fáil inti 24 uair an chloig ar a laghad roimh ré.

Roinn 7

Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)

Gan dochar d'inniúlacht an Bhallstáit Brataí ná d'oibleagáidí soithí de chuid an Aontais i leith a mBallstáit Brataí, comhlíonfaidh gach soitheach de chuid an Aontais Córas um Fhaireachán Soithí FFA (VMS FFA) atá i bhfeidhm faoi láthair sna limistéir iascaireachta.

Roinn 8

Breathnóirí

1. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas iascaireachta de chuid Chireabaití ina seilbh acu, agus iad ag feidhmiú i limistéir iascaireachta Chireabaití, áiritheoidh siad clúdach breathnóra i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistithe ábhartha WCPFC agus le reachtaíocht ábhartha Chireabaití.
2. Beidh breathnóirí údaraithe ar bord soithí de chuid an Aontais ó Chlár Breathnóirí Réigiúnacha WCPFC nó beidh breathnóirí de chuid IATTC ar bord arna údarú tríd an Meabhrán Tuisceana arna chomhaontú idir WCPFC agus IATTC maidir le breathnóirí a thras-fhormhuiniú.
3. Féachfaidh na páirtithe le breathnóirí I-Chireabaití a thabhairt ar bord.

CAIBIDIL V – RIALÚ

1. Comhlíonfaidh soithí de chuid an Aontais forálacha ábhartha reachtaíocht náisiúnta Chireabaití maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, chomh maith leis na bearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag WCPFC.
2. Nósanna imeachta rialaithe:
 - (a) Comhoibreoidh máistrí soithí de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sna limistéir iascaireachta le haon oifigeach atá údaraithe agus sainaitheanta go cuí i gCireabaití agus a dhéanann cigireacht agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta.
 - (b) Gan dochar d'fhorálacha reachtaíocht náisiúnta Chireabaití, ba cheart bordáil a dhéanamh ar bhealach inar féidir an t-ardán cigireachta agus na cigirí a aithint mar oifigigh údaraithe DE CHUID Chireabaití.
 - (c) Cuirfidh Cireabaití ar fáil d'údarás inniúil an Aontais liosta de na hardáin chigireachta uile a úsáidtear le haghaidh cigireachtaí ar muir. Ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a chuimsiú sa liosta sin:
 - i. Ainmneacha na Soithí Patróil Iascaigh;
 - ii. Sonraí na Soithí Patróil Iascaigh;
 - iii. Grianghrafadóireacht Soithí Patróil Iascaigh.
 - (d) Féadfaidh Cireabaití, arna iarraidh sin don Aontas, cead a thabhairt do chigirí an Aontais gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais, lena n-áirítear trasloingsithe, a rialú le linn cigireachtaí ar tír.
 - (e) A luaithe a bheidh an chigireacht críochnaithe agus an tuarascáil chigireachta sínithe ag an gcigire, cuirfear an tuarascáil ar fáil don mháistir lena síniú agus le barúlacha a chur léi, más ann dóibh. Beidh an síniú sin gan dochar do chearta na bPáirtithe i gcomhthéacs nósanna imeachta um shárú líomhnaithe. Tabharfar cóip den tuarascáil iniúchta do mháistir an tsoithigh sula bhfágfaidh an cigire an soitheach agus cuirfear chuig an Stát Brataí í.
 - (f) Ní fhanfaidh cigirí ar bord níos faide ná mar is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh.
3. Ceadóidh oibreoirí soithí de chuid an Aontais a bheidh ag gabháil d'oibríochtaí tabhairt i dtír nó trasloingsithe i gcalafort de chuid Chireabaití cigireacht ar na hoibríochtaí sin ag oifigigh údaraithe Chireabaití, agus éascóidh siad an chigireacht sin.
4. I gcás nach gcomhlíontar na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, forchoimeádanann údarás Chireabaití an ceart chun ceadúnas iascaireachta an tsoithigh chiontaigh a chur ar fionraí go dtí go mbeidh na foirmiúlachtaí curtha i gcrích agus chun an pionós a leagtar síos i reachtaíocht Chireabaití atá ann cheana a chur i bhfeidhm. Cuirfear an Ballstát brataí agus údarás inniúil an Aontais ar an eolas láithreach.

CAIBIDIL VI – FORFHEIDHMIÚ

1. Smachtbhannaí
 - (a) Mainneachtain maidir le haon cheann d'fhorálacha na gcaibidlí thuas, de na bearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag na heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha bainistithe iascaigh, nó de dhlí náisiúnta Chireabaití, beidh sí faoi réir pionóis mar a leagtar síos le dlí náisiúnta Chireabaití.
 - (b) Cuirfear an Ballstát brataí agus údarás inniúil an Aontais ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi aon smachtbhanna agus faoi na fíorais ábhartha uile a bhaineann leis.
 - (c) I gcás ina bhforchuirtear le smachtbhanna go ndéanfar ceadúnas iascaireachta a chur ar fionraí nó a chúlghairm, i rith na tréimhse a bheidh fágtha dár deonaíodh an ceadúnas féadfaidh údarás inniúil an Aontais ceadúnas iascaireachta eile a iarraidh, a bheadh infheidhme murach sin, le haghaidh soitheach ar le húinéir eile loinge í.
2. Soithí iascaireachta a ghabháil agus a choinneáil
 - (a) Cuirfidh Chireabaití an tAontas agus an Ballstát brataí ar an eolas láithreach faoi ghabháil agus/nó coinneáil aon soithigh iascaireachta ag a bhfuil ceadúnas iascaireachta faoin gComhaontú.
 - (b) Déanfaidh Chireabaití cóip den tuarascáil chigireachta, lena sonrófar imthosca agus cúiseanna na gabhála agus/nó na coinneála, a tharchur chuig an Aontas agus chuig an mBallstát brataí laistigh de 12 uair an chloig.
3. Nós imeachta chun faisnéis a mhalartú i gcás gabhála agus/nó coinneála
 - (a) Agus urraim á tabhairt do na sprioc-amanna agus do na nósanna imeachta dlíthiúla dá bhforáiltear le dlíthe náisiúnta Chireabaití maidir le gabháil agus/nó coinneáil, tionólfar cruinniú comhairliúcháin idir ionadaithe ón Aontas agus ó Chireabaití, tar éis dóibh an fhaisnéis thuas a fháil, a bhféadfaidh ionadaí ón mBallstát brataí lena mbaineann freastal air.
 - (b) Ag an gcrúinniú, malartóidh na Páirtithe aon cháipéisíocht nó faisnéis ábhartha a chabhróidh le soiléiriú a thabhairt ar na fíorais. Cuirfear an t-úinéir loinge nó a gníomhaire ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe agus faoi aon bheart a eascraíonn as an ngabháil agus/nó as an gcoinneáil.
4. Gabháil agus/nó coinneáil a réiteach
 - (a) Déanfar iarracht an sárú toimhdithe a réiteach go cairdiúil. Cuirfear an nós imeachta sin i gcrích tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis na gabhála agus/nó na coinneála, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Chireabaití.
 - (b) I gcás réiteach cairdiúil, cinnfear an méid atá le híoc trí thagairt do reachtaíocht náisiúnta Chireabaití. Mura féidir socrú cairdiúil den sórt sin a dhéanamh, rachfar ar aghaidh leis na himeachtaí dlíthiúla.
 - (c) Scaoilfear saor an soitheach agus urscaoilfear a máistir a luaithe a chomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an socrú cairdiúil nó nuair a íocfar na bannaí dlíthiúla.
5. Cuirfear údarás an Aontais agus an Toscaireacht ar an eolas maidir le haon imeacht a thionscnófar agus maidir le haon phionós a ghearrfar.

CAIBIDIL VII – COMHAR CHUN IASCAIREACHT NNN A CHOMHRAC

1. Chun an faireachán ar iascaigh agus an comhrac in aghaidh iascaireacht NNN a neartú, féachfaidh na captaen ar shoithí de chuid an Aontais le comhartha a dhéanamh maidir le haon soitheach iascaireachta eile a bheith in uiscí iascaigh Chireabaití.
2. Captaen ar shoitheach de chuid an Aontais, nuair a bhreathnaíonn sé ar shoitheach iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN, baileoidh sé a mhéid faisnéise agus is féidir faoin soitheach sin agus faoina gníomhaíocht tráth a chonacthas í. Seoltar tuairiscí breathnóireachta gan mhoill chuig údarás inniúil Chireabaití agus cóip díobh chuig Lárionad Faireacháin Iascaigh an Bhallstáit Brataí.
3. A luaithe is féidir, maidir le haon tuarascáil bhreathnóireachta atá ina sheilbh ag údarás inniúil Chireabaití agus a bhaineann le soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina ngníomhaíocht NNN in uiscí Chireabaití, cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aontais.

CAIBIDIL VIII – FREAGRACHT CHOMHSHAOIL

1. Tá toirmeasc ar threalamh iascaireachta agus/nó dramhail neamh-in-bhithmhíllte (lena n-áirítear miotail, plaistigh agus codanna de threalamh iascaireachta) a dhumpáil, a dhiúscairt nó a thréigean ón soitheach.
2. Chun amhras a sheachaint, ní mheastar gurb ionann sruthfheiste comhthiomsaithe éisc a úsáid agus trealamh iascaireachta a thréigean.
3. Tá toirmeasc ar aon soitheach dramhail nó truailleán mar a shainmhínítear faoin Acht Comhshaoil 1999 (arna leasú 2007) a dhumpáil, a sceitheadh, a chaitheamh thar bord nó a astú ar bhealach eile aon áit in uiscí Chireabaití, ach amháin i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Coinbhinsiún MARPOL agus Prótacail Ghaolmhara).
4. I gcás ina ndéantar buncaireacht, nó aon aistriú eile ar aon táirge a chuimsítear i gcód Earraí Contúirteacha Muirí Idirnáisiúnta (IMDG) na Náisiún Aontaithe, in uiscí Chireabaití, déanfaidh soithí de chuid an Aontais an ghníomhaíocht sin a thuairisciú d'údarás Chireabaití trí thuarascálacha dá bhforáiltear i bhFoscúibhinn 2, Teimpléid Uimh. 8 agus Uimh. 9, a sheoladh trí ríomhphost chuig na teagmhálacha a chuirtear ar fáil inti.
5. Tabharfaidh soithí de chuid an Aontais fógra d'údarás inniúla Chireabaití 12 uair an chloig ar a laghad roimh ré go bhfuil rún acu dul isteach i limistéar dúnta nó cosanta agus díreach tar éis dóibh é a fhágáil. Déanfar na teachtaireachtaí sin san fhormáid a leagtar amach i bhFoscúibhinn 2, Teimpléad Uimh. 10, trí ríomhphost a sheoladh chuig na teagmhálacha a chuirtear ar fáil inti.

CAIBIDIL IX – DUL AR BORD MAIRNÉALACH

1. Déanfaidh gach soitheach de chuid an Aontais a bheidh ag iascaireacht faoin gComhaontú triúr mairnéalach ar a laghad ó Chireabaití a fhostú mar chomhaltaí den chriú. Féachfaidh na húinéirí loinge le mairnéalaigh bhreise ó Chireabaití a thabhairt ar bord.

2. Íocfaidh an t-úinéir loinge USD 600 in aghaidh na míosa in aghaidh an mhairnéalaigh mar tháille tarscaoilte mura bhfuil sé in ann criú ó Chireabaití a fhosú ar bord a shoithí ceadúnaithe mar a shainítear i mír 1 thuas. Déanfaidh na húinéirí loinge an íocaíocht gach bliain le cuntas Uimh. 4 Rialtas Chireabaití.
3. Beidh cead ag na húinéirí loinge na mairnéalaigh a ghlacann siad ar bord a gcuid soithí a roghnú as na hainmneacha ar liosta a chuirfidh an Aireacht atá freagrach as iascaigh i gCireabaití isteach.
4. Cuirfidh an t-úinéir loinge nó a ghníomhaire in iúl don Aireacht atá freagrach as iascaigh i gCireabaití ainmneacha mairnéalach ó Chireabaití a thugtar ar bord an tsoithigh lena mbaineann, agus luafaidh sé a bpost sa chriú.
5. Beidh feidhm ag Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair maidir le cearta na mairnéalach arna glárú ar shoithí de chuid an Aontais. Baineann sé sin go háirithe leis an tsaoirse comhlachais agus le haitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart chun cómhargála atá ag oibrithe, agus le deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha.
6. Déanfar conarthaí fostaíochta mhairnéalaigh Chireabaití, a dtabharfar cóip díobh do na sínitheoirí, a dhréachtú idir gníomhairí na n-úinéirí loinge agus na mairnéalaigh agus/nó a gceardchumann nó a n-ionadaithe i gcomhairle leis an Aireacht atá freagrach as iascaigh i gCireabaití. Ráthóidh na conarthaí sin an cumhdach slándála sóisialta is infheidhme maidir leo do mhairnéalaigh, lena n-áirítear árachas saoil agus árachas breoiteachta agus timpiste.
7. Íocfaidh na húinéirí loinge pá mhairnéalaigh Chireabaití. Socrófar iad, sula n-eiseofar ceadúnais iascaireachta, trí chomhaontú frithpháirteach idir na húinéirí loinge nó a ngníomhairí agus an Aireacht atá freagrach as iascaigh i gCireabaití. Mar sin féin, ní bheidh na coinníollacha pá a dheonaítear do mhairnéalaigh Chireabaití níos ísle ná na coinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le criúnna Chireabaití agus ní bheidh siad faoi bhun chaighdeán na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i gcás ar bith.
8. Na mairnéalaigh uile a fhostaítear ar bord soithí de chuid an Aontais, tuairisceoidh siad do mháistir an tsoithigh ainmnithe an lá roimh an dáta bordála atá beartaithe acu. I gcás ina mainneoidh mairnéalach an dáta agus an t-am bordála comhaontaithe a thuairisciú, saorfar na húinéirí loinge go huathoibríoch ar a n-oibleagáid an mairnéalach a thabhairt ar bord.

CAIBIDIL X – DLITEANAS OIBREORA

1. Áiritheoidh an t-oibreoir go mbeidh a shoithí muiracmhainneach agus go mbeidh trealamh sábháilteachta anama leordhóthanach agus trealamh marthanais leordhóthanach iontu do gach paisinéir agus do gach ball den chriú.
2. Chun Cireabaití agus saoránaigh agus cónaitheoirí Chireabaití a chosaint, coinneoidh an t-oibreoir cumhdach árachais leordhóthanach agus iomlán ar a shoitheach trí iompróir árachais a aithnítear go hidirnáisiúnta is inghlactha d'údaráis Chireabaití maidir leis na limistéir iascaireachta, lena n-áirítear na limistéir laistigh de na murlaigh agus na hataill, an Mhuir Chríochach agus sceireacha faoi uisce mar a léirítear leis an Deimhniú Árachais dá dtagraítear i gCaibidil II, Roinn 3, mír 4, pointe (h) den Iarscríbhinn seo.

3. I gcás ina bhfuil baint ag soitheach de chuid an Aontais le timpiste nó teagmhas muirí i gCireabaití, as a n-eascraíonn truailliú agus damáiste d'aon chineál don chomhshaol, do mhaoín nó d'aon duine, tabharfaidh an soitheach agus an t-oibreoir fógra láithreach d'údaráis Chireabaití. Más rud é go mbeidh soitheach de chuid an Aontais freagrach as na damáistí thuasluaite, beidh an soitheach agus an t-oibreoir faoi dhliteanas íoc as costais na ndamáistí thuasluaite.

Foscríbhinní

Foscríbhinn 1 – Foirm chun soitheach iascaireachta a chlárú agus chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas iascaireachta

Foscríbhinn 2 – Teimpléid le haghaidh tuarascálacha i bhformáid na cumarsáide

Foscúbhinn 1

Foirm chun soitheach iascaireachta a chlárú agus chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas iascaireachta

FOIRM IARRATAIS AR SHOITHEACH IASCAIREACHTA

Poblacht Chireabaití

Foirm Iarratais chun Soitheach Iascaireachta a Chlárú – Foirm Iarratais ar Cheadúnas Iascaireachta

Roinn na nIascach Aigéanach
Bosca Poist 64 Bairiki, Tarawa
Poblacht Chireabaití

Teil: +686 21099

Facs +686 21120

Seoladh ríomhphoist: fleu@mfmrd.gov.ki

Treoracha

- Folínigh sloinne
- Ciallaíonn 'seoladh' seoladh poist iomlán
- Marcáil 'X' go soiléir i gcás inarb iomchuí. Mura n-oireann, clóscríobh an téacs ar bhealach soiléir
- Gach aonad méadrach: sonraigh an t-aonad má úsáidtear córais eile
- Greamaigh san iarratas grianghraf datha taoibh/aeir agus grianghraf cúil 6x8 n-orpha a glacadh le déanaí

An Stiúrthóir Iascaigh, déanaim iarratas leis seo ar shoitheach a chlárú ar an gclár náisiúnta iascaigh/ar cheadúnas iascaireachta (scríos de réir mar is iomchuí).

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Ainm an tSoithigh	_____	Dáta an iarratais	_____
Tír Chlárúcháin	_____	Uimh. IMO:	_____
Uimhir chlárúcháin	_____	Uimhir aitheantais FFA an tSoithigh	_____
Comhartha Aitheantais Idirnáisiúnta Raidió	_____	Uimh. ALC (IMN)	_____
Bratach	_____	Tréimhse bhailíochta an cheadúnais iascaireachta	_____

2. AN CINEÁL SOITHIGH

Peaslíon saighne aonair	_____	Soitheach saighne tacaíochta	_____
Peaslíon saighne grúpa	_____	Long Cuisniúcháin	_____
Spiléir	_____	Tancaer/buncar	_____
Cuaille agus dorú	_____	Soithí taighde	_____
Eile, tabhair sonraí _____			

3. ÚINÉIREACHT AGUS SONRAÍ AN OIBREORA

Ainm an úinéara	_____	Ainm an oibreora	_____
Seoladh	_____	Seoladh	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____

4. TOISE AGUS TOILLEADH

Fad (LOA)	_____ (m)	Doimhneacht mhúnlaith	_____ (m)
Bíoma	_____ (m)	Olltonnáiste	_____ (OTC)

5. TÓGÁLAÍ AGUS SEACHADADH

Tógálaí	_____	Bliain a tógadh	_____
Áit a tógadh	_____	Bliain sheachadta	_____

6. SONRAÍOCHTAÍ INNILL

Múnla Innill	_____	Cumhacht Innill	_____ (EC)
Uastoilleadh lompair	_____	(cililítear/galún)	
Breosla			

7. BAINISTIÚ CRIÚ

Ainm an Mháistir	_____	Náisiúntacht an Mháistir	_____
Líon Criú	_____	Na teangacha ar bord	_____

8. CALAFORT

Calafort baile	_____	
Calafort oibríochtúil	1. _____	2. _____
Limistéar lascaireachta	_____	
Údaraithe		

9. ACMHAINNEACHT REO

Uimhir an reoiteora	_____	
Modh	Toilleadh mt/lá	Teocht (°C)
Sáile (NaCl)	BR _____	_____
Sáile (CaCl)	CB _____	_____
Aer (Rois)	BF _____	_____
Aer (Corna)	RC _____	_____

10. ACMHAINNEACHT STÓRÁLA

Modh	Toilleadh (m³)	Teocht (°C)
Oighear	IC _____	_____
Uisce farraige cuisnithe	RW _____	_____
Sáile (NaCl)	CB _____	_____
Aer (Corna)	RC _____	_____

SOITHEACH PEAS-SAIGHNE

Uimhir Chlárúcháin an Aerárthaigh	_____	Uimhir Chlárúcháin an Héileacaptair	_____
Fad an Lín	_____ (m)	Doimhneacht an Lín	_____ (m)
Árthach tacaíochta			
Fad scife	_____ (m)	Cumhacht Innill	_____ EC/PS
Fad Bhád luas 1	_____ Méadar/Troigh	Cumhacht Innill	_____ EC/PS
Fad Bhád luas 1	_____ Méadar/Troigh	Cumhacht Innill	_____ EC/PS

Fad Bhád luas 1	___Méadar/Troigh	Cumhacht Innill	___EC/PS
Posta	_____	Acmhainneacht stórála	___Tona gearr/Tona Méadrach
Ceann	_____	Acmhainneacht stórála	___Tona gearr/Tona Méadrach

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuasluaite fíor agus iomlán. Tuigim go bhfuil orm aon athrú ar an bhfaisnéis thuas a thuairisciú laistigh de 60 lá, agus tuigim freisin go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do dhea-stádas an tsoithigh ar an gClár Réigiúnach mura ndéantar amhlaidh.

Ainm an _____ Síniú _____
larratasóra
(ÚINÉIR, CAIRTFHOSTÓIR nó GNÍOMHAIRE CUÍ-ÚDARAITHE)

Seoladh _____

Uimhir _____ Uimhir _____ Seoladh Ríomhphoist _____
theileafóin. _____ Facs. _____

Foscábhinn 2 – Teimpléid le haghaidh Tuarascálacha i bhFormáid na Cumarsáide

Ba cheart na tuarascálacha uile a tharchur chuig an údarás inniúil trí fleu@mfmrd.gov.ki

1. *Suíomh seachtainiúil agus tuairisciú gabhála laistigh d'uiscí Chireabaití (gach Céadaoin)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	WPCR
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta Tuairiscithe	DD.MM.BB
Seasamh Tuairiscithe	LT;LG
Gabháil ón tuarascáil dheireanach	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)
Laethanta iascaireachta ón tuarascáil	líon iarbhrí na laethanta ina ndearnadh tacar sa limistéar

e.g. WPCR/89TKS-PS001TN/JJAP2/11.12.17/0140N;16710W/SJ-23:YF-9:BE-3:OT-2.0/7

2. *Tuairisciú ar dhul isteach in uiscí Chireabaití (24 uair an chloig ar a laghad roimh ré)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	ZENT
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta iontrála	DD.MM.BB
Am dul isteach	uunn GMT
Suíomh an dul isteach	LT;LG
Gabháil ar bord de réir meáchain de réir	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)

e.g. ZENT/89TKS-PS001TN/JJAP2/11.10.17/0635Z/0230N;17610E/SK-510:YF-120:BE-60:OT-10

3. *Tuairisciú ar imeacht ó uiscí Chireabaití (24 uair an chloig ar a laghad roimh ré)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	ZDEP
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta imeachta	DD.MM.BB
Am imeachta	uunn GMT
Suíomh imeachta	LT;LG
Gabháil ar bord de réir meáchain de réir	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)
Gabháil iomlán sa limistéar de réir	ar nós gabháil ar bord
Iomlán na laethanta iascaireachta	líon iarbhir na laethanta ina ndearnadh tacar sa limistéar

e.g. ZDEP/89TKS-PS001TN/JJAP2/21.10.17/1045Z/0125S;16730E/SJ-450:YF-190:BE-60:OT-4/SJ-42:YF-70:BE-30:OT-1/14

4. *Dul isteach i gcalafort, lena n-áirítear dul isteach le haghaidh trasloingsithe, athsholáthair, criú a dhíluchtú nó gabhálacha a thabhairt i dtír (72 uair an chloig ar a laghad sula dtéann an soitheach isteach sa chalafort)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	PENT
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta an tuairiscithe	DD.MM.BB
Seasamh Tuairiscithe	LT;LG
Ainm an Chalafoirt	
Am teachta measta	DD.MM: uunn
Gabháil ar bord de réir meáchain de réir	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)
Ainm an iompróra cuisniúcháin (má	
Cúis le cuairt a thabhairt ar chalafort	

e.g. PENT/89TKS-PS001TN/JJAP2/24.12.17/0130S;17010E/BETIO /26.12.1600L/SJ-562:YF-150:BE-50:OT-4/JAPANSTAR/TRANSSHIPPING

5. *Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí trasloingsithe/tabhairt i dtír (tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an trasloingsiú/tabhairt i dtír a chur i gcrích, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach deontóra an calafort, cibé acu is tuisce a tharlóidh)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	TSHP
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta an scaoilte agus am	DD.MM.BBBB: uunn GMT
Calafort scaoilte	
Gabháil trasloingsithe de réir meáchain de	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)
Ainm an iompróra cuisniúcháin	
Ceann scríbe na gabhála	

e.g. TSHP/89TKS-PS001TN/JJAP2/11.12.17:1200Z /BETIO/SJ-450:YF-150:BE-75:OT-0.0/JAPANSTAR/PAGO PAGO

6. *Tuarascáil Chriochnaithe (laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis turas a chur i gcrích trí ghabháil a scaoileadh ag calafoirt iascaireachta eile (lasmuigh de Chireabaití) lena n-áirítear calafort oibríochtúil, nó calafort baile)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	COMP
Ainm an tsoithigh	
Uimhir cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta scaoilte	DD.MM.BBBB
Gabháil scaoilte de réir speicis	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)
Ainm an Chalafoirt	

e.g. COMP/89TKS-PS001TN/JJAP2/26.12.17/SJ-670:YF-65:BE-30:OT-0.0/BETIO

7. *Imeacht ón gcalafoirt (24 uair an chloig ar a laghad roimh ré)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	PDEP
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta an tuairiscithe	DD.MM.BB
Ainm an Chalafoirt	
Dáta agus am Imeachta	DD.MM: uunn
Gabháil ar bord de réir meáchain de réir	
An Boiniótó	(Mt)
An Tuinnín Buí (YF)	(Mt)
An Tuinnín	(Mt)
Eile (OT)	(Mt)
An chéad cheann scribe eile	

e.g. PDEP/89TKS-PS001TN/JJAP2/30.12.17/BETIO/29.12:1600L/SJ-0.0:YF-0.0:BE-0.0:OT-4/FISHING GROUND

8. *Fógra buncaireachta (24 uair an chloig ar a laghad roimh athbhreoslú ó thancaer ceadúnaithe)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	BREOSLA
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta tuairiscithe de réir GMT	DD.MM.BB
Suíomh tuairiscithe	LT;LG
Méid breosla ar bord	Cililítear
Dáta measta buncaireachta	DD.MM.BB
Suíomh measta buncaireachta	LT;LG
Ainm an tsoithigh	

e.g. FUEL/89TKS-PS001TN/JJAP2/06.02.17/0130S;17010E/35/08.02.17/0131S;17030E/CHEMSION

9. *Tuascáil ar ghníomhaíochtaí buncaireachta (láithreach i ndiaidh athbhreoslú ó thancaer ceadúnaithe)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	BUNK
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta agus am tosaithe na buncaireachta	DD.MM.BBBB: uunn GMT
Suíomh tosaithe na buncaireachta	LT;LG
An méid breosla a fuarthas	Cililítear
Am críche na buncaireachta (GMT);	DD.MM.BBBB: uunn GMT
Suíomh críche na buncaireachta	LT;LG
Ainm an tsoithigh	

e.g. BUNK/89TKS-S001TN/JJAP2/08.02.17:1200Z/0131S;17030E/160/08.02.17:1800Z/0131S;17035E/CRANE PHOENIX

10. *Dul isteach i limistéar dúnta (faoi thoirmeasc) nó limistéar faoi chosaint nó imeacht uaidh (12 uair an chloig ar a laghad roimh dhul isteach sa limistéar dúnta (faoi thoirmeasc) nó sa limistéar faoi chosaint agus díreach i ndiaidh é a fhágáil)*

Inneachar	Tarchur
Cód tuairiscithe	ENCA le haghaidh dul isteach agus DECA le haghaidh
Uimhir Chlárúcháin nó Cheadúnais	
Glao-chomhartha nó litreacha comhartha	
Dáta agus am ENCA nó DECA	DD.MM.BB:uunn GMT
Suíomh ENCA nó DECA	LT;LG

Luas agus cúrsa	
Cúis le ENCA	

e.g. ENCA/89TKS-PS001TN/JJAP2/30.12.17:1645Z/0130S;17010E/7:320/ENTER PORT